

Acmhainní oideachais don bhunscoil  
[logainm.ie](http://logainm.ie)



## Clár

<b>1. RÉAMHRÁ</b>	<b>i</b>
1.1. Eolas faoi na hacmhainní oideachais	i
1.2. Torthaí foghlama	i
1.3. Admhálacha	ii
<b>2. ACMHAINNÍ OIDEACHAIS</b>	<b>1</b>
Ceacht 1: Logainmneacha a chur i láthair	1
Ceacht 2: Tíreolaíocht	8
Ceacht 3: Crainn agus Coillte	19
Ceacht 4: Ainmhithe agus Éin	25
Ceacht 5: An Muileann	29
Ceacht 6: Sióga	33
Aguisín: Liosta leabhar	36

## 1. Réamhrá

### 1.1. Eolas faoi na hacmhainní oideachais

Chruthaigh Fiontar (DCU), i bpáirt leis an mBrainse Logainmneacha (An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta), na hacmhainní oideachais seo. Cuireadh na hacmhainní oideachais ar fáil mar áis do mhúinteoirí agus do dhaltaí sa bhunscoil. Cuid lárnach d'oidhreacht na hÉireann is ea na logainmneacha. Tá súil againn mar sin go spreagfaidh na hacmhainní seo spéis daoine iontu. Tá na hacmhainní i nGaeilge agus tá siad inphriontáilte. Tá siad dírithe ar pháistí sna ranganna sinsearach sa bhunscoil. Oireann na hacmhainní do cheantar ar bith sa tír. Tá sé scéim oibre ar fáil, ceann amháin mar réamhrá don ábhar logainmneacha agus cúig cinn bunaithe ar théamaí éagsúla. Tá áiseanna maidir le logainmneacha le fáil ar na suímh seo chomh maith:

Suirbhéireacht Ordanáis Éireann <http://www.osi.ie/en/intro/education.aspx>

Scoilnet <http://www.scoilnet.ie>

### 1.2. Torthaí foghlama

Seo a leanas na torthaí foghlama maidir le logainmneacha atá leagtha amach sa Churaclam Bunscoile (1999) [www.curriculumonline.ie](http://www.curriculumonline.ie). Baineann siad le Gaeilge, Tíreolaíocht agus Stair agus le comhtháthú na n-ábhar sin sa churaclam.

#### Ábhar - Gaeilge

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- an Ghaeilge a labhairt i gcomhthéacsanna cultúrtha logainmneacha ina cheantar féin agus ar fud na hÉireann
- a thuilleadh taithí a fháil ar an bhfocal scríofa sa timpeallacht agus é a léamh go tuisceanach  
*an banc, oifig an phoist, comharthaí bóthair*
- scríbhneoireacht fheidhmiúil agus cumarsáid a dhéanamh, mar shampla *ainm, seoladh agus síniú pearsanta, cártaí poist*

#### Ábhar - Tíreolaíocht

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- príomhghnéithe na timpeallachta tógtha sa dúiche áitiúil agus i gceantar codarsnach in Éirinn a iniúchadh agus a imscrúdú agus léirthuisicint a ghnóthú orthu  
*bunús na lonnaithe*  
*logainmneacha, ainmneacha sráideanna: a mbunús agus a gciall*
- eolas a chur ar shuíomh chontaetha na hÉireann agus ar roinnt dá mbailte móra; bunús a gcuid logainmneacha agus a mbrí tíreolaíoch
- na príomhghnéithe nádúrtha sa dúiche máguaird agus sa chontae a imscrúdú agus foghlaim mar gheall orthu  
*tréithe ar nós ainmneacha agus a mbunús*

- eolas a chur ar ainmneacha agus ar shuímh roinnt príomhghnéithe nádúrtha in Éirinn  
*sliabhraonta, aibhneacha, lochanna, cuanta, cinn tíre, oileáin*

### Ábhar - Stair

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- eolas a chur ar imeachtaí tábhachtacha i stair na háite, ag ceangal pearsana nó imeachtaí áitiúla leis an gcomhthéacs náisiúnta de réir mar a thagann sin i gceist. D'fhéadfadh na hábhair seo thíos a bheith feiliúnach chomh maith leo sin a moladh do na meánranganna i gcás an aonaid seo:  
*bunús na logainmneacha*

### Comhtháthú ábhar (Sampla: Gaeilge agus Tíreolaíocht)

- Tuiscint ar áit: Logainmneacha áitiúla agus an scéal a ghabhann leo—Cill Dara, Baile Átha Luain, Dún na nGall, Tír Eoghain, Ros Comáin, Léim an Bhradáin
- Tuiscint ar áit: Logainmneacha—cnoc, tulach, loch, bóthar, céide, ascaill
- Léarscáileanna: Breathnú ar ainmneacha sléibhte agus aibhneacha—Sliabh, Beann, Abha, Áth, Béal

### Aidhmeanna agus torthaí foghlama na n-acmhainní oideachais

- Go mbeadh tuiscint níos fearr ag na páistí ar na háiteanna timpeall orthu agus ar oidhreacht na hÉireann.
- Go mbeadh na páistí in ann léarscáileanna a úsáid agus na príomhchathracha/bailte srl. a aimsiú orthu.
- Go mbeadh tuiscint níos fearr ag na páistí ar an am/saol a chuaigh thart agus ar chroineolaíocht stair na hÉireann. Go dtuigfidís go n-athraíonn rudaí ach go bhfuil leanúnachas i scéal na hÉireann.
- Go mbainfeadh na páistí úsáid as fianaise agus go mbeidís in ann scéal áite a bhaint amach dóibh féin, ag tosú leis na logainmneacha féin mar fhianaise.
- Go mbeadh na páistí in ann na logainmneacha is coitianta a aithint agus a thuiscint, mar shampla Coill, Baile, Cill, Loch, Béal srl.
- Leaganacha Gaeilge agus Béarla a phlé. An bhfuil an míniú céanna ag an logainm sa Ghaeilge agus sa Bhéarla, mar shampla **Na Clocha Liatha / Greystones, Mainistir na Féile / Abbeyfeale** nó an bhfuil siad difriúil ar fad cosúil le **Baile Átha Cliath / Dublin, Droichead Abhann Ó gCearnaigh / Six-mile-bridge, Loch Garman / Wexford?** Cén fáth ar tharla sé seo? Stair na hÉireann.
- Déanfaidh na páistí iniúchadh ar léarscáil ag úsáid an eolais atá leagtha amach ag an múinteoir dóibh.

### 1.3. Admhálacha

Ba mhaith le Fiontar buíochas a ghabháil le gach duine a chabhraigh linn na hacmhainní oideachais a dhearadh agus a thástáil: Clíodhna Ní Bhriain (Comhairleoir Oideachais); Anne White (NCTE); Muireann Ní Mhóráin (COGG); an Brainse Logainmneacha agus na múinteoirí seo a leanas: Hélena Breathnach, Caitriona Nic an Bhaird, Gaelscoil

Lios na nÓg, f/ch Scoil Mhucrois, Bóthar Marlborough, Domhnach Broc, Baile Átha Cliath 4; Gráinne Corcoran, St. Pius BNS, Tír an Iúir, Baile Átha Cliath 6; Neasa Nic Fhlanncha Gaelscoil Riada, Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe; Edel Corcoran, Scoil Náisiúnta Chill Aichidh, Co. Uíbh Fhailí; Dóirín Ní Orsaigh, Scoil Bhreandáin, Eachléim, Co. Mhaigh Eo.

## 2. Acmhainní oideachais

### Ceacht 1: Logainmneacha a chur i láthair

#### Áiseanna a bheidh ag teastáil

- Seoltaí poist na bpáistí agus seoladh duine muinteartha atá ina chónaí faoin tuath/i mbaile mór
- Atlas scoile agus léarscáil na hÉireann
- Roinnt íomhánna agus pictiúr a íoslódálfaidh an múinteoir ón Idirlíon
- www.logainm.ie

#### Ag tosú

Is í aidhm an cheachta seo ná na logainmneacha a chur i láthair ag tosú leis an timpeallacht áitiúil.

Mo sheoladh féin

Tugann na páistí isteach a seoltaí féin i nGaeilge agus i mBéarla, agus seoltaí daoine muinteartha nó cairde a bhfuil cónaí orthu faoin tuath nó in áit dhifriúil in Éirinn.

Pléann an múinteoir struchtúr na seoltaí:

Seoladh Uirbeach	Seoladh Tuaithe
11 Corrán Ráth an Dúin	Fearann Mhic Réamainn
Tír an Iúir	An Daingean
Baile Átha Cliath 6W	Trá Lí
Éire	Co. Chiarraí
	Éire

Múineann an múinteoir an bealach ina scríobhtar seoladh - bíonn an tsráid nó an bóthar chun tosaigh, ansin an ceantar nó an baile fearainn, an contae agus tagann an tír i gcónaí ar deireadh.

Ag féachaint ar na seoltaí difriúla atá ag na páistí, feicfidh siad go mbíonn níos mó mionsonraí ann de réir mar is gá.

Pléann an múinteoir an gá atá le postchóid i gcathair cosúil le Baile Átha Cliath, míníonn an múinteoir go mbíonn ré-uimhreacha i ndeisceart Bhaile Átha Cliath agus go mbíonn corruimhreacha i dtuaisceart Bhaile Átha Cliath.

Cén fáth?

Toisc go bhfuil an oiread sin daoine ina gcónaí i gcathair cosúil le Baile Átha Cliath tá gá le níos mó mionsonraí. Úsáidtear an t-ainm céanna faoi dhó uaireanta i gcathracha:

Bóthar San Labhrás i Séipéal Iosóid agus Bóthar San Labhrás i mBinn Éadair.

Ascaill Ghleanntán na hAbhann i gCluain Dolcáin agus Ascaill Ghleanntán na hAbhann i mBaile Phámar.

Ní úsáidtear postchóid ná uimhreacha tí in áiteanna faoin tuath toisc nach bhfuil an líon céanna daoine ina gcónaí iontu.

In áiteanna faoin tuath de ghnáth is leor ainm an bhóthair nó an bhaile fearainn.

Féach ar an rang féin –

An gcónaíonn gach páiste atá sa rang:

- Sa chontae céanna?
- Sa bhaile mór nó sa chathair chéanna?
- Sa sráidbhaile céanna?
- Ar an mbóthar céanna nó sa chomharsanacht chéanna?

Scríobh na háiteanna difriúla ina gcónaíonn na páistí ar an gclár bán/dubh.

Cuir na páistí i ngrúpaí, iarr orthu mapa neamhfhoirmiúil den cheantar a tharraingt, na bóithre agus na sráidbhailte, na bailte fearainn agus na paróistí timpeall orthu a ainmniú.

Le cabhair ón suíomh Gréasáin [www.logainm.ie](http://www.logainm.ie), iarr orthu na logainmneacha a fháil i nGaeilge.

Cuir ceist ar na páistí—Cad is baile fearainn ann? Conas a fuair bailte fearainn agus bóithre na hainmneacha atá orthu? Iarr ar na páistí smaointe dá gcuid féin a thabhairt. Scríobh ar an gclár bán/dubh iad.

### Seo a leanas cúlra roinnt ainmneacha

#### 1. Seo roinnt seanainmneacha stairiúla in Éirinn. Iarr ar na páistí iad a aimsiú ar léarscáil na hÉireann san atlas:

- **Ard Mhacha** / *Armagh*: an áit ard a raibh cónaí ar an mbanríon Macha
- **Baile Átha Fhirdhia** / *Ardee*: an t-áth ag ar tharla an comhrac idir Fear Dia agus Cú Chulainn
- **Cathair Saidhbhín** / *Cahersiveen* (Ciarraí): daingean cloiche Shaidhbhín
- **Béal Átha Conaill** / *Ballyconnell* (An Cabhán): an bealach isteach go dtí Áth Conaill

Faigh amach an bhfuil aon logainmneacha stairiúla ar eolas ag na páistí.

Roinn an rang i ngrúpaí, agus contae nó dhó ag gach grúpa. Iarr orthu logainmneacha a fháil ón léarscáil a bhfuil ainm duine cháiliúil iontu.

Pléigh leo iad agus iarr orthu breis eolais a fháil ar áit faoi leith mar obair bhaile.

#### 2. D'ainmnigh taoiseach nó tiarna talún de chuid na háite an tsráid nó an baile in onóir dó féin:

- **Tír Eoghain** / *Tyrone*: ainmnithe as Eoghan mac le Niall rí Uladh
- **Caisleán an Bharraigh** / *Castlebar*: caisleán a bhí ag muintir de Barra
- **Sráid Pheambróg** / *Pembroke Street*: ainmnithe in ómós don Iarla Pembroke

Bhí Queen's County agus King's County againn tráth ach athraíodh go **Laois** agus **Uíbh Fhailí** i dtosach an fichiú haois iad.

#### 3. Uaireanta ainmnítear sráid nó bóthar in onóir do dhuine cáiliúil:

- Sean Kelly Square i gCarraig na Siúire, in onóir don rothaí cáiliúil
- Sráid Uí Chonaill i gcathracha éagsúla, in onóir don laoch mór staire, Dónall Ó Conaill

An féidir le duine de na páistí eolas faoi Dhónall Ó Conaill a roinnt leis an rang? Pléigh é.

Iarr ar na páistí na príomhshráideanna sna príomhchathracha timpeall na hÉireann a ainmniú. Seo roinnt samplaí:

- Corcaigh—Sráid Phádraig
- Gaillimh—An Fhaiche Mhór
- Baile Átha Cliath—Sráid Uí Chonaill
- Sráid Grafton (Ainmníodh an tsráid seo as Henry Fitzroy, Céad-Diúc Grafton a raibh tailte aige sa cheantar)

Iarr ar na páistí léarscáileanna agus ciclipéid Google a úsáid chun na príomhshráideanna sna príomhchathracha in Éirinn a aimsiú.

Tá sráideanna/bóithre againn atá ainmnithe as Roibeard Emmet, Charles Stewart Parnell, Pádraig Mac Piarais, Cathal Brugha, Jack Lynch/Seán Ó Loinsigh srl. Uaireanta ainmníodh bóthar/sráid as an Maighdean Mhuire nó as duine de na naoimh, mar shampla Colm Cille agus Naomh Pádraig. Tá droichid ann atá ainmnithe as scríbhneoirí cáiliúla chomh maith, mar shampla, **Droichead Samuel Beckett** / *Samuel Beckett Bridge*.

An féidir leis na páistí smaoineamh ar aon bhean Éireannach as a bhfuil sráid nó bóthar ainmnithe? Mar shampla, an Chuntaois Markievicz, tírghráthóir, nó ban-naomh ar nós Bríd.

#### 4. Uaireanta tugann ainm bóthair/sráide eolas faoin treo ina dtéann an bóthar/an tsráid sin, mar shampla:

An Bóthar Thuaidh, An tSráid Thiar, Bóthar Bhaile Átha Cliath srl.

#### 5. Uaireanta ainmnítear bóthar as foirgneamh atá ar an mbóthar nó in aice an bhóthair:

- Eaglais: Sráid na hEaglaise nó Baile an Teampaill
- Séipéal: Séipéal Iosóid
- Droichead: Baile an Droichid
- Muileann: Baile an Mhuilinn
- Caisleán: Baile an Chaisleáin, Cloch Shiurdáin (Ciallaíonn cloch ‘caisleán’ sa chás seo)
- Nithe saorga eile ar nós cliath ‘hurdle, wattle’, mar shampla Baile Átha Cliath; ceis ‘wattled causeway’, mar shampla **Ceis Charraigín** / *Keshcarrigan*



## 6. Ainmnítear áit as eachtra thábhachtach a tharla ansin nó gnó a bhíodh ar siúl inti:

- Aonach ‘fair, place of assembly’: **An tAonach** / *Nenagh* (Tiobraid Árann)
- Margadh ‘market’: **Margadh an Arbhair** / *Cornmarket* (Loch Garman, Baile Átha Cliath), **Cnoc an Mhargaidh** / *Markethill* (Ard Mhacha)
- **Rinn na Spáinneach** / *Spanish Point* (An Clár)

Uaireanta eile ainmnítear áit as eachtra aonair, nó as cath a troideadh inti. Tá an focal ‘cath’ le fáil i logainmneacha (cuardaigh ar [www.logainm.ie](http://www.logainm.ie)).

Iarr ar na páistí smaoineamh ar shamplaí eile.

## 7. Is minic a ainmnítear bailte, sráidbhailte, paróistí nó bailte fearainn as gnéithe aiceanta tábhachtacha:

- **Baile Átha Cliath** / *Dublin* as *Dubhlinn*: an poll dubh
- Corcaigh: riasc
- Sligeach: áit na sliogán
- Tulach Mhór: an cnoc mór
- An Trá Mhór
- Liatroim: an droim liath

### Gníomhaíochtaí

1. Siúlóid: Déan léarscáil de cheantar na scoile. Iarr ar thuismitheoirí nó ar chúntóirí ranga dul ar shiúlóid leat féin agus leis an rang. Tabhair léarscáil gan logainmneacha do gach páiste agus iarr orthu ainmneacha bóithre, sráideanna, lánaí, ascaillí agus cineálacha eile bóithre a líonadh isteach i mBéarla agus i nGaeilge.

An bhfuil aon fhoirgneamh tábhachtach sa cheantar?

An bhfuil páirceanna, aibhneacha, lochanna, sléibhte sa cheantar? An bhfuil a rian ar na logainmneacha?

Ar ais sa scoil: Déan liosta de na bóithre srl. a fuair na páistí ar an tsiúlóid. An bhfuil tuairim acu cad as ar tháinig cuid de na hainmneacha? Uaireanta ainmnítear sráideanna bunaithe ar cibé úsáid a baineadh astu ag an am, mar shampla: **Lána an Bhácúis** / *Bakery Lane*, **Sráid na gCócairí** / *Cook Street*.

2. Roghnaigh roinnt logainmneacha éagsúla. Chun cabhrú leat sa tasc seo, iarr ar na daltaí –

- Cár b as a dtuismitheoirí?
- Cé na háiteanna in Éirinn a raibh siad ar saoire iontu?
- An bhfuil a seanaithreacha/seanmháithreacha ina gcónaí faoin tuath? Cén áit?
- Roghnaigh ainmneacha bailte fearainn agus ainmneacha sráideanna/bóithre sa timpeallacht a mbeadh taithí ag na daltaí orthu.

Iarr ar na páistí a thuilleadh eolais a fháil ar na háiteanna seo.

Agus obair ríomhaireachta ar siúl acu, iarr ar na daltaí an suíomh Gréasáin [www.logainm.ie](http://www.logainm.ie) a chuardach chun a thuilleadh eolais a fháil ar na logainmneacha atá idir lámha acu.

3. Iarr ar na páistí a shamhlú go bhfuil siad ina bhforbróirí agus go bhfuil

eastát tithíochta nua á thógáil acu. Iarr orthu ainmneacha suimiúla a chumadh do na bóithre. Caithfidh siad cúiseanna a thabhairt leis na hainmneacha a roghnaíonn siad. Caithfidh siad smaoineamh ar na foirgnimh agus rudaí eile a chuirfidh siad san eastát chun go mbeidh tuairim ag daoine sa todhchaí faoi stair na háite.

4. Iarr ar na páistí smaoineamh ar logainm in Éirinn agus scéal greannmhar a chumadh ina thaobh nó é a léiriú le stiallscannán grinn.

5. Comórtas: Iarr ar an rang sraith pictiúr nó sraith grianghraf digiteach a sheoladh isteach ar théama na logainmneacha. Is féidir aiste nó téacs eile nó ealaín nó filíocht a chur leo más mian libh. Cuirfear luach €300 de dhuaiseanna ar fáil don rang a bhuanann an comórtas. Beidh na duaiseanna don rang le cur ar chrannchur ag an múinteoir. Cuirfear teastas chuig gach rang a ghlacann páirt sa chomórtas. Is féidir na pictiúir a sheoladh chuig Fiontar, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Glas Naíon, Baile Átha Cliath 9 nó chuig an seoladh ríomhphoist [logainm@dcu.ie](mailto:logainm@dcu.ie). Spriocdháta: 31 Nollaig 2009.

**Seo a leanas gluais úsáideach de  
mhíreanna a d'fhéadfadh a bheith i  
gceantar na scoile:**

abhainn—river	garrán—grove
achadh—field	glas/glaise—green, grey, stream
aill/faill—cliff	gleann—glen
áth—ford	gort—field
ard—height	inis/inse— <i>island, river meadow</i>
baile—town, townland, homestead	iúr—yew tree
bán—white, lea-ground, grassy	log/lag—hollow
barr—top	leac—flat stone or rock, flagstone
beag—small	leacht—grave, mound
bealach—way, pass	leath—half, side
binn—peak	léim—leap
bearna—gap	leitir—hillside
bóthar—road	liath—grey, grey place, grey horse
breac—speckled	lios—ring-fort
buaile—cattle-fold, summer-pasture	loch—lake
bun—(river-)mouth, bottom(-land)	machaire—plain
caiseal—stone ring-fort	má/ma(i)gh—plain
caisleán—castle	mainistir—monastery
caol—narrow, a narrow, marshy stream	mín—smooth, mountain pasture
carn—pile of rocks	muc—pig
carraig—rock	muileann—mill
ceann/cionn—head, headland	muine—thicket
ceapach/ceapaigh—plot of land, tillage plot	mullach—hilltop
cill—church	nua—new
cloch—stone, stone building	oileán— <i>island</i>
cluain—meadow	páirc—field
cnoc—hill	poll—hole, pool
coill—wood	port—port, bank, fort
cora—weir, stone-fence, ford	ráth—ring-fort
dair—oak	rinn—point, headland
dearg—red, red one	ros—(wooded) height, wood, promontory
díseart—hermitage	rua—red, red place
doire—oak-wood	sceach—hawthorn, thorn-bush
domhnach—church	sean—old
droichead—bridge	sliabh—mountain
droim—ridge	teach—house
dubh—black	teampall—church, temple
dún—fort	tír—land
eanach—marsh	tobar—well
fearann—land	tóchar—causeway
fionn—white	trá—strand, beach
garbh—rough	tuaim—mound, burial-place
	tuar—paddock, (cultivated) field, pasture
	tulach—hillock
	uachtar—upper

## Bileog oibre

Na míreanna coitianta Gaeilge i logainmneacha. Líon isteach na samplaí. Is féidir samplaí a aimsiú ar [www.logainm.ie](http://www.logainm.ie). Tá an chéad cheann déanta duit.

Gaeilge	Béarla	Samplaí
áth	ford	Áth Dara
baile	townland, town, homestead,	
bearna	gap	
carraig	rock	
cill	church	
cluain	meadow	
cnoc	hill	
coill	wood	
currach	marsh	
dair	oak	
doire	oak-wood	
droim	ridge	
glas	green, grey	
gleann	glen	
gort	field	
loch	lake, inlet	
ráth	ring-fort	
tobar	well	
tír	land, territory	
muine	thicket	
sliabh	mountain	
binn/beann	peak	
abhainn/abha	river	
béal	opening, mouth	
dún	fort	
cloch	stone, stone building	
droichead	bridge	
coill	wood	
caisleán	castle	

## Ceacht 2: Tíreolaíocht

### Áiseanna a bheidh ag teastáil

- Léarscáileanna d'Éirinn
- www.logainm.ie

### Spreagadh

- An dán 'Jackeen ag caoineadh na mBlascaod' le Breandán Ó Beacháin.
- Amhráin: 'Bhíos-sa Lá i bPort Láirge'; 'Peigín Leitir Móir'. Tá na hamhráin agus na liricí le fáil ar an CD ceoil agus CD-Rom *Amhrán is fiche* (Fios Feasa).

### Ag tosú

- Cúlra an téama: Tá tréithe geolaíocha éagsúla ag baint le hoileáin na hÉireann. Tá sléibhte, cnoic, lochanna agus aibhneacha againn. Uaireanta tugann an logainm cur síos simplí ar an áit, mar shampla: An Cabhán 'hollow'; nó An Gleann 'valley'.
- Sa cheacht seo beidh na páistí ag foghlaim faoi thréithe geolaíocha na hÉireann.
- Seo a leanas stór focal agus samplaí de logainmneacha a bhaineann leis an téama seo. Tá an t-ainm Béarla i gcló iodálach.

### Stór focal agus samplaí de logainmneacha

- oileán 'island', **Oileán Ciarraí** / *Castleisland*
- inis 'island, river meadow', **Inis** / *Ennis*
- carraig 'rock', **Carraig Fhearghais** / *Carrickfergus*
- creag 'rock, crag', **An Creagán** / *Mountbellew*
- cloch 'stone', **Na Clocha Liatha** / *Greystones*
- ma(i)gh 'plain', **Maigh Eo** / *Mayo*
- móin 'bog', **Móin Choinn** / *Mooncoin*
- achadh 'field', **Garbhachadh** / *Garvagh*
- ard 'height, high', **Ard Mhacha** / *Armagh*
- ros '(wooded) height, wood, promontory' **An Ros** / *Rush*
- binn/beann 'peak', **Binn Éadair** / *Howth*
- cnoc 'hill', **Cnoc Leithid** / *Knocklayd*
- sliabh 'mountain', **Sliabh gCuillinn** / *Slieve Gullion*
- droim/drom 'ridge', **Droim an Lis** / *Drumalis*

Seo a leanas tábla de roinnt oileán atá timpeall na hÉireann.

Acaill an t-oileán is mó ar chósta na hÉireann. Tá droichead idir é agus an mhórthír.

**Oileáin**

Gaeilge	Béarla	Contae
Dairbhre	Valencia Island	Ciarraí
Oileáin Árann	Aran Islands	Gaillimh
Acaill	Achill Island	Maigh Eo
Árainn Mhór	Aran Island	Dún na nGall
Reachlainn	Rathlin Island	Aontroim
Reachrainn	Lambay Island	Baile Átha Cliath

**Treoir don mhúinteoir**

Ag baint úsáide as léarscáil iarr ar na páistí oileán a ainmniú atá

1. Amach ó chósta thoir na hÉireann
2. Amach ó chósta thiar na hÉireann
3. Amach ó chósta thuaidh na hÉireann
4. Amach ó chósta theas na hÉireann

Seo a leanas bileoga oibre, tráth na gceist agus crosfhocal do na páistí ar ghnéithe éagsúla de thíreolaíocht na hÉireann. Is féidir leo an t-eolas atá in easnamh ar na bileoga oibre a aimsiú ar [www.logainm.ie](http://www.logainm.ie).

**Bileog oibre 1:  
Na contaetha**

Líon isteach na bearnaí.

<b>Gaeilge</b>	<b>Béarla</b>
Ard Mhacha	
	Antrim
Baile Átha Cliath	
	Cavan
Ceatharlach	
	Kerry
Cill Chainnigh	
	Kildare
Cill Mhantáin	
	Clare
Corcaigh	
	Derry
An Dún	
	Donegal
Fear Manach	
	Galway
An Iarmhí	
	Laois
Liatroim	
	Wexford
An Longfort	
	Louth
Luimneach	
	Mayo
An Mhí	
	Monaghan
Port Láirge	
	Roscommon
Sligeach	
	Tipperary
Tír Eoghain	
	Offaly

## Bileog oibre 2: Cathracha

Líon isteach cathracha na  
hÉireann sa tábla thíos.

Gaeilge	Béarla



## Bileog oibre 3: Bailte

Cé na contaetha ina bhfuil na bailte seo?  
Tá baile roghnaithe as gach contae.

Gaeilge	Béarla	Contae
Cúil an tSúdaire	Portarlington	
Cill Airne	Killarney	
Tuaim	Tuam	
Béal an Átha	Ballina	
Leitir Ceanainn	Letterkenny	
Durlas	Thurles	
Carraig Mhachaire Rois	Carrickmacross	
Dún Dealgan	Dundalk	
Cora Droma Rúisc	Carrick-on-Shannon	
An Srath Bán	Strabane	
Cúil Raithin	Coleraine	
An Baile Meánach	Ballymena	
Droichead na Bandan	Bandan	
Sionainn	Shannon	
Bré	Bray	
Leamhcán	Lucan	
An Lorgain	Lurgan	
Béal Átha Conaill	Ballyconnell	
Muine Bheag	Muine Bheag (Bagenalstown)	
Achadh Úr	Freshford	
An Nás	Naas	
Beannchar	Bangor	
Inis Ceithleann	Enniskillen	
An Muileann gCearr	Mullingar	
Inis Córthaidh	Enniscorthy	
Baile Uí Mhatháin	Ballymahon	
Mainistir na Féile	Abbeyfeale	
An Uaimh	Navan	
Dún Garbhán	Dungarvan	
An Caisleán Riabhach	Castlereagh	
Baile Easa Dara	Ballysadare	
Tulach Mhór	Tullamore	

**Bileog oibre 4:  
Beanna/Sliabhraonta**

Líon isteach na bearnaí.

Gaeilge	Béarla	Contae
	Errigal	Dún na nGall
Samhail		Doire, Tír Eoghain
	Croaghgorm or Blue Stack Mountains	Dún na nGall
Néifinn		Maigh Eo
	Slieve Donard	An Dún
Cnoc Maol Réidh		Maigh Eo
	Lugnaquilla	Cill Mhantáin
Barr Trí gCom		Ciarraí
	Carrauntoohil	Ciarraí
An Mhangarta		Ciarraí
	Shehy Mountains	Corcaigh
Na Gaibhlte		Tiobraid Árann, Luimneach
	Knockmealdown Mountains	Tiobraid Árann, Port Láirge
Cruach Phádraig		Maigh Eo
	Mourne Mountains	An Dún
Sléibhte Mhám Toirc		Gaillimh
	The Twelve Pins or Benna Beola	Gaillimh

## Bileog oibre 5: Lochanna

Meaitseáil na hainmneacha Gaeilge leis  
na hainmneacha Béarla.

Gaeilge	Meaitseáil	Béarla
Loch Léin		Lough Derg
Loch nEathach		Lough Corrib
Loch Measca		Upper Lough Erne
Loch Coirib		Lough Conn
Loch Con		Lough Allen
Loch Síleann		Lough Ree
Loch Rí		Lough Key
Loch Aillionn		Lough Foyle
Loch Éirne Íochtair		Lough Leane
Loch Éirne Uachtair		Lower Lough Erne
Loch Feabhail		Lough Neagh
Loch Deirgeirt		Lough Mask
Loch Cé		Lough Sheelin

**Tráth na gCeist**


1. Céard í príomhchathair na hÉireann?
2. Céard é an loch is mó in Éirinn?
3. Céard é an contae is lú in Éirinn?
4. Céard é an contae is mó in Éirinn?
5. Cén abhainn a ritheann trí Bhaile Átha Cliath?
6. Cé mhéad contae atá i gCúige Chonnacht?
7. Cén cúige ina bhfuil Loch Garman?
8. Céard í an abhainn is faide in Éirinn?
9. Cén contae ina bhfuil Bré?
10. Céard é an sliabh is airde in Éirinn?
11. Cé mhéad contae atá i gCúige Laighean?
12. Cén contae ina bhfuil Cruach Phádraig?
13. Cé mhéad contae atá teorantach le Tiobraid Árann?
14. Cén contae inar rugadh Mícheál Ó Coileáin?
15. Céard é an dara loch is mó in Éirinn?
16. Cén contae ina bhfuil Gaeltacht Ghaoth Dobhair?
17. Cé mhéad contae atá i gCúige Uladh?
18. Cén contae ina bhfuil An Muileann gCearr?
19. Cén contae ina bhfuil ceantar Gaeltachta na Ceathrún Rua?
20. Cén contae ina bhfuil an tAonach?
21. Cad is ainm do na trí loch mhóra ar an tSionainn?
22. Cad is ainm do na haibhneacha ar a nglaoitear na Triúr Deirfiúracha?
23. Cén abhainn ar a bhfuil Cluain Mhic Nóis?
24. Cén abhainn ar a bhfuil Corcaigh?
25. Cén contae ina bhfuil Aillte an Mhothair?

**Freagraí**

1. Baile Átha Cliath
2. Loch nEathach
3. Lú
4. Corcaigh
5. An Life
6. 5
7. Cúige Laighean
8. An tSionainn
9. Cill Mhantáin
10. Corrán Tuathail
11. 12
12. Maigh Eo
13. 8
14. Corcaigh
15. Loch Coirib
16. Dún na nGall
17. 9
18. An Iarmhí
19. Gaillimh
20. Tiobraid Árann
21. Loch Aillionn, Loch Rí, Loch Deirgeirt
22. An Bhearú, An Fheoir agus an tSiúir
23. An tSionainn
24. An Laoi
25. Contae an Chláir

## Crosfhocal

Is féidir cárta oibre na míreanna coitianta (Ceacht 1) agus [www.logainm.ie](http://www.logainm.ie) a úsáid chun teacht ar na freagraí.



### Leideanna Trasna:

- 2 Béarla ar an mír *Doire*
- 5 Gaeilge ar *Malin Head*
- 7 Gaeilge ar *wood*
- 8 Gaeilge ar *town*
- 10 Béarla ar *An Life*
- 11 Gaeilge ar *Bantry*
- 12 Béarla ar *Doire*
- 13 Gaeilge ar *ring-fort*
- 14 Béarla ar *Luimneach*
- 17 Gaeilge ar *Dublin*
- 18 Béarla ar *Cuan na Gaillimhe*
- 19 Béarla ar *Loch nEathach*

### Leideanna Síos:

- 1 Gaeilge ar *Cork*
- 3 Béarla ar *cluain*
- 4 Gaeilge ar *Waterford*
- 5 Gaeilge ar *Croagh Patrick*
- 6 Béarla ar *cnoc*
- 9 Gaeilge ar *Aran Islands*
- 15 Gaeilge ar *church*
- 16 Béarla ar *Gaillimh*

## Freagraí

### Trasna:

2. oak-wood
5. Cionn Mhálanna
7. coill
8. baile
10. River Liffey
11. Beantraí
12. Derry
13. ráth
14. Limerick
17. Baile Átha Cliath
18. Galway Bay
19. Lough Neagh

### Síos:

1. Corcaigh
3. meadow
4. Port Láirge
5. Cruach Phádraig
6. hill
9. Oileáin Árann
15. cill
16. Galway

### Ceacht 3: Crainn agus Coillte

#### Áiseanna a bheidh ag teastáil

- Pictiúir de na crainn dhúchasacha agus na duilleoga/torthaí a fhásann orthu ionas gur féidir leis na páistí iad a aithint
- Léarscáileanna d'Éirinn
- [www.logainm.ie](http://www.logainm.ie)

#### Spreagadh

Dánta:

- 'The Oak' le Lord Alfred Tennyson
- 'Known Trees in the Unknown Forest' le Louise McVicar
- 'Trees' le Joyce Kilmer
- 'An Draighneán Donn', amhrán traidisiúnta

#### Ag tosú

Cúlra an téama:

- Bhí Éire beagnach clúdaithe le foraoiseacha crua-adhmaid agus le coillte fadó. Tá a lán logainmneacha le míreanna a bhaineann le crainn agus coillte.
- Anois tá na coillte dúchasacha ar fad beagnach imithe ach tá siad beo go fóill sna logainmneacha atá timpeall orainn.
- Feicimid an bunfhocal 'Kill' i roinnt logainmneacha Béarla. Is litriú Béarla é seo ar cheann de dhá fhocal Ghaeilge, cill 'church', nó coill 'wood, a gcuirtear 'kyle' i mBéarla uaireanta air.



Tá ocht litir déag in aibítir na Gaeilge. Tá an tseanaibítir Ghaeilge (Ogham) bunaithe ar ainmneacha na gcrann. Bunaíodh na litreacha ar na crainn seo a leanas:

Litir	Crann	Béarla
a	ailm	elm
b	beith	birch
c	coll	hazel
d	dair	oak
e	eadha	aspen
f	fearn	alder
g	gort	ivy
h	uath	hawthorn
i	iogh	yew
l	luis	rowan
m	muin	vine
n	nuin	ash
o	onn/oir	gorse
p	peith	reed
r	ruis	elder
s	suil	willow
t	teine	furze
u	ur	heather/linden

Iarr ar na páistí logainmneacha le hainmneacha na gcrann sin iontu a aimsiú ar [www.logainm.ie](http://www.logainm.ie).

### Treoir don mhúinteoir

Bíodh babhta tobsmaointe agat leis an rang faoi na cineálacha crann dúchasach atá ar eolas acu. Is féidir pictiúir de na crainn nó duilleoga/torthaí na gcrann a úsáid chun iad a spreagadh. Seo a leanas stór focal ábhartha a d'fhéadfá a mhúineadh. Tá an fhoirm ghalldaithe a fhaightear i logainmneacha idir lúibíní.

### Stór focal agus samplaí de logainmneacha

- crann ‘tree’, **An Crann Mór** / *Cranmore* (Maigh Eo)
- crannach, crannaigh ‘wooded place’, **An Chrannach** / *Crannagh* (Gaillimh)
- bile (crann a mbíodh urraim ar leith dó go minic) ‘(large) tree, sacred tree’, **Bile** / *Bellia* (An Clár)
- craobh ‘tree, branch’, **An Chraobh** / *Creeve* (Muineachán)
- craobhach, craobhaigh ‘place of branches, trees’, **An Chraobhaigh Chaol** / *Creevykeel* (Sligeach)
- coill ‘wood’, **Coill an Ghleanna** / *Glenwood* (Corcaigh)
- muine ‘thicket’, **Muine Gall** / *Moneygall* (Uíbh Fhailí)
- fiodh ‘wood’, **Fiodh Dúin** / *Fiddown* (Cill Chainnigh)
- doire ‘oak-wood’, **Doire** / *Derry*
- dair ‘oak’, **Cill Dara** / *Kildare*
- doirín ‘small oak-wood or small thicket’, **Bun an Doirín** / *Bunaderreen* (Ciarraí)
- beith ‘birch’, **Barr Beithe** / *Barrabehy* (Cill Chainnigh)
- iúr/eo ‘yew-tree’, **An tIúr** / *Newry* (Ard Mhacha); **Maigh Eo** / *Mayo*
- leamhán ‘elm-tree’, **Cnoc na Leamhán** / *Elmhill* (Gaillimh)
- cuileann ‘holly’, **Maigh Cuilinn** / *Moycullen* (Gaillimh)
- draighneán ‘blackthorn’, **Draighneán** / *Drinaun* (Ros Comáin)
- sceach ‘hawthorn, thorn-bush’, **An Sceach Chrom** / *Skeaghcroum* (Cill Chainnigh)

Nuair atá an foclóir múinte agat, iarr ar na páistí an foclóir nua bunaithe ar an téama seo a chur in ord aibítire. (*Beidh an liosta úsáideach mar ghluais*).

Is féidir leo triail a bhaint as Bileog 1—Cuardach Focal agus ‘An cuimhin leat’?

Ansín is féidir leat samplaí de na logainmneacha a thaispeáint dóibh agus iarraidh orthu an míniú a bhaint amach dóibh féin.

Is féidir leis na páistí triail a bhaint as Bileog 2, chun brí na logainmneacha faoin téama seo a aimsiú.

### Gníomhaíochtaí

Seo roinnt smaointe le haghaidh gníomhaíochtaí eile a d'fhéadfá a dhéanamh leis an rang.

1. Obair bhleachtaireachta: Tá cúig chontae in Éirinn atá bunaithe ar chrainn, ar choill nó ar mhuine, cad iad? (Leid – tá dhá cheann i gCúige Uladh (agus ní ainm crainn atá in Aontroim!), dhá cheann i gCúige Chonnacht agus tá ceann amháin i gCúige Laighean).
2. Cén chosúlacht atá ag Youghal, Mayo agus Newry lena chéile? (Leid—Féach ar na logainmneacha i nGaeilge). Iarr an na páistí logainmneacha eile mar sin a bhailiú, is féidir leo iad a mhalartú lena chéile.
3. Féach ar na logainmneacha áitiúla. An bhfuil aon bhaint acu leis an téama seo? Obair bhreise—féach ar na duilleoga agus ar na torthaí a fhasann ar gach crann atá luaite. Iarr ar na daltaí an crann a aithint.

**Bileog oibre 1:  
Cuardach focal –  
Crainn agus Coillte**

crann      iúr  
bile        leamhán  
craobh    cuileann  
coill       draighneán  
dair        sceach  
beith

l	y	c	r	a	s	c	c	v	b	n	m	c
a	e	r	s	d	f	u	h	u	i	o	p	r
s	o	a	p	l	k	i	h	g	b	n	m	a
c	i	n	m	u	h	l	g	n	p	o	i	n
e	u	n	e	h	h	e	a	i	r	d	n	n
a	t	i	o	p	á	a	h	n	v	c	b	n
c	e	g	h	c	b	n	m	b	u	i	o	f
h	r	f	l	p	m	n	l	e	a	m	h	b
r	t	u	i	c	o	p	p	o	i	k	n	l
i	ú	r	á	a	u	í	ó	ú	u	g	g	l
a	h	r	w	q	f	i	y	l	l	i	o	c
s	a	t	s	d	t	u	l	i	í	n	m	l
f	a	s	i	d	r	o	ó	l	á	a	n	e
g	d	s	d	e	o	e	i	i	e	a	b	o
h	a	o	p	ú	b	i	u	ú	l	a	n	b
j	i	l	b	a	i	l	e	é	i	w	n	c
a	r	d	a	r	y	a	i	o	b	ó	ú	n
d	v	b	b	m	c	r	a	o	b	h	i	u
á	c	n	n	í	ó	b	c	b	n	m	l	o
d	r	a	i	g	h	n	e	á	n	i	o	f

**An cuimhin leat cad is brí leis na focail seo?**

- crann .....
- bile .....
- craobh .....
- coill .....
- dair .....
- beith .....
- iúr .....
- leamhán .....
- cuileann .....
- draighneán .....
- sceach .....

## Bileog oibre 2

Tar éis an foclóir go léir a fhoghlaim, is féidir na logainmneacha seo a leanas a fhiosrú. Lión isteach an tábla thíos, tá an chéad cheann déanta.

Logainm Béarla	Logainm Gaeilge	Mír bunaithe ar chrainn	Míniú	An chuid eile den logainm	Míniú
Ballaghaderreen	Bealach an Doirín	Doirín	small oak-wood	Bealach	the way/pass
The way/pass of the small oak-wood					

Líon isteach na bearnaí mar atá déanta thuas.					
Béarla	Gaeilge	Mír bunaithe ar chrainn	Míniú	An chuid eile den logainm	Míniú
Kylemore	An Choill Mhór				
Rathvilly	Ráth Bhile				
Ballinascarty	Béal na Scairte				
Fethard	Fiodh Ard				
Crannagh	An Chrannach				
Creevykeel	An Chraobhaigh Chaol				
Terenure	Tír an Iúir				
Glanbehy	Gleann Beithe				
Adare	Áth Dara				

## Ceacht 4: Ainmhithe agus Éin

### Áiseanna a bheidh ag teastáil

- Pictiúir d'ainmhithe dúchasacha nach maireann in Éirinn anois, mar shampla an torc allta 'wild boar', mac tíre 'wolf' agus an bonnán 'bittern'.
- Léarscáileanna d'Éirinn
- Suíomh úsáideach: [www.enfo.ie](http://www.enfo.ie)

### Spreagadh

Dán: 'The Blackbird' le John Drinkwater

Bailéad: 'The Boys of Barr na Sráide'

Amhrán: 'An Bonnán Buí' le Cathal Buí Mac Giolla Ghunna

### Ag tosú

Cúlra an téama:

Ba í an tsealgaireacht an spórt ba mhó a bhí ag daoine fadó sa tír seo. Tá seans ann gur bhaist sealgairí ainmneacha ar áiteanna de réir an tsaghas sealgaireachta a bhí ar siúl san áit.

Tugann logainmneacha fianaise ar na hainmhithe a bhí ag maireachtáil in Éirinn fadó. Tá cuid díobh díothaithe anois, mar shampla an torc allta, an mac tíre agus an bonnán, ach maireann siad go fóill i roinnt logainmneacha.

Bhí an t-ainmhí fíochmhar, an torc allta, go flúirseach in Éirinn agus tá a ainm fós i logainmneacha cosúil le **Ceann Toirc** / *Kanturk* (Corcaigh).

Feicfidh tú sna logainmneacha na hainmhithe agus na héin a bhí in Éirinn tráth agus an tábhacht a bhí le feirmeoireacht freisin. Tugann an téama seo tuiscint níos fearr do na páistí ar an saghas saoil agus ar na cineálacha caitheamh aimsire a bhí ag ár sinsear. Spreagfaidh sé samhlaíocht na bpáistí chun go mbeidh tuiscint níos fearr acu ar an saol fadó agus ar a n-oidhreacht féin sna logainmneacha atá timpeall orthu.

### Treoir don mhúinteoir

- Ba mhaith an rud é pictiúir a fháil de na hainmhithe agus de na héin atá le múineadh do na páistí faoin téama seo.
- Croch suas na pictiúir agus cabhraigh leis na daltaí iad a aithint.
- Múin an foclóir dóibh i nGaeilge. Tá stór focal úsáideach thíos.

### Stór focal agus samplaí de logainmneacha

- fia 'deer', **Gort na bhFia** / *Gortnavea* or *Deerfield* (Gaillimh)
- os 'deer', **Mullach an Ois** / *Mullaghanish* (Corcaigh)
- oisín 'fawn', **Bealach Oisín** / *Ballaghisheen* (Ciarraí)
- eilit 'hind', 'doe', **Eanach Eilte** / *Annahilt* (An Dún)
- giorria 'hare', **Cnocán an Ghiorria** / *Haremound* (Corcaigh)
- coinín 'rabbit', **Coill na gCoiníní** / *Kylenagoneeny* (Luimneach)
- coinicéar 'rabbit-warren', **An Coinicéar** / *Cunnaker* (Maigh Eo)
- torc 'boar', **Torc** / *Torc* (Ciarraí)

- mac tíre, bréach, madra alla ‘wolf’, **Clais an Mhic Tíre** / *Clashavickteery* (Tiobraid Árann), **Bréachmhaigh** / *Breaghwy* ‘wolf plain’ (Maigh Eo), **Coiscéim an Mhadra Alla** / *Wolfstep* (Ciarraí)
- sionnach, madra rua, mada rua ‘fox’, **Carraig na Sionnach** / *Carricknashanagh* (Lú)
- smólach ‘thrush’, **Ráth na Smólach** / *Rathnasmolagh* (Cill Chainnigh)
- iolar ‘eagle’, **Loch Iolar** / *Lough Ouler* (Cill Mhantáin)
- feadóg ‘plover’, **Cnoc na bhFeadóg** / *Ploverhill* (Tiobraid Árann)
- naoscach/naosca ‘snipe’, **Ascaill na Naoscach** / *Snipe Avenue* (Gaillimh)

### Ainmhithe feirme

- bó ‘cow’, bóthar, tá bó san fhocal ‘bóthar’, ‘cow track’ ó bhunús, **Dún Bó** / *Dunboe* (Doire)
- lao/gamhain ‘calf’, **Béal Átha na Lao** / *Ballinalee* (An Longfort)
- caora ‘sheep’, **Gleann na gCaorach** / *Glenagarey* (Baile Átha Cliath)
- tarbh ‘bull’, **An Tarbh** / *The Bull Island* (Corcaigh)
- capall/each ‘horse’, eachlann ‘horse-land’, **Baile Locha Capaill** / *Ballycapple* (Tiobraid Árann), **Eachinis** / *Aughinish* (An Clár)
- muc ‘pig’, muclann ‘pig-land’, **Ros Muc** / *Rosmuck* (Gaillimh)
- madadh, mada, madra ‘dog’, **Léim an Mhadaidh** / *Limavady* (Doire), **Ceathrú na Madaí** / *Carrownamaddy* (Dún na nGall), **Currach na Madraí** / *Curraghanamaddree* (Port Láirge)

Nuair atá an foclóir múinte agat iarr ar na páistí triail a bhaint as Bileog 1 thíos. Ansin mar cheacht teanga labhartha, úsáid na pictiúir de na hainmhithe agus iarr ar na páistí cur síos a dhéanamh ar thréithe na n-ainmhithe. Múin an teanga a bheidh ag teastáil uathu. Anois cuir na páistí ag obair i mbeirteanna agus iarr orthu Bileog 2 thíos a dhéanamh le chéile.

Cluiche: Tar éis dóibh an bhileog a chríochnú is féidir ‘20 ceist’ a imirt leis na páistí. An uair seo, caithfidh siad a dhéanamh amach cén t-ainmhí atá i gceist.

Bíodh babhta tobsmaointe anois agaibh faoi na logainmneacha samplacha thuas. Iarr ar na páistí an mhír den ainm a bhaineann le hainmhithe nó le héin a aimsiú. Cén t-eolas atá le fáil sa logainm faoin áit? An oireann an t-ainm fós don áit?

### Gníomhaíocht

Obair thionscadail: Iarr ar na páistí eolas a fháil, i ngrúpaí nó ina n-aonar, ar ainmhithe a bhí in Éirinn fadó, mar shampla an torc, an t-iora rua, mac tíre srl. Cad a tharla dóibh? Cén fáth go bhfuil laghdú ar líon na n-ainmnithe seo? Tá cuid acu imithe go hiomlán. Iarr ar na páistí, leis an eolas nua, póstaer mór de na hainmhithe seo a bhí in Éirinn fadó a dhéanamh.

# Bileog oibre 1: Cuardach Focal

torc            iolar  
mac tíre      faoileán  
sionnach     bó  
madra rua    lao  
smólach

b	u	f	c	c	a	p	a	i	l	l	n	m	i
b	a	i	a	s	d	f	g	h	u	i	o	p	o
s	o	a	o	p	l	k	j	h	u	a	n	m	l
a	k	i	r	j	u	h	y	g	n	p	o	i	a
a	i	u	a	e	i	l	i	t	i	r	d	n	r
ó	i	o	i	o	p	l	m	o	n	v	c	b	c
l	a	o	l	h	c	b	n	r	b	u	i	o	é
m	e	r	l	a	p	m	a	c	t	í	r	e	a
n	r	t	u	a	i	a	p	p	o	i	k	n	r
v	i	ú	r	á	i	d	í	ó	ú	u	g	g	l
w	a	h	r	w	q	r	i	y	l	i	i	o	c
ú	s	i	o	n	n	a	c	h	i	í	o	m	l
u	f	a	s	i	d	r	o	ó	l	á	r	n	e
p	a	d	s	d	e	u	e	l	i	e	r	b	o
o	o	a	o	p	ú	a	i	u	ú	l	i	n	b
k	i	i	l	b	a	i	l	e	é	i	a	n	c
j	l	r	d	t	a	r	b	h	o	b	ó	ú	n
h	e	v	b	b	m	c	r	a	o	b	h	i	m
g	á	c	n	n	í	h	c	á	l	ó	m	s	u
c	n	e	g	h	c	o	i	n	í	n	i	o	c



## Bileog oibre 2: Ainmhithe

Déan cur síos ar na hainmhithe seo

fia

giorria

coinín

torc

mac tíre

sionnach

madra rua

smólach

iolar

faoileán

bó

lao

fia

eilit

coinín

## Ceacht 5: An Muileann

### Áiseanna a bheidh ag teastáil

- Stór focal bunaithe ar an téama
- Samplaí de logainmneacha
- Moltaí le haghaidh gníomhaíochtaí
- Treoracha maidir le *papier-maché* a úsáid
- Oideas do scónaí tae (scéal an aráin)

### Ag tosú

Cúlra an Téama:

Uaireanta ainmnítear bóthar as foirgneamh atá ar an mbóthar nó in aice an bhóthair sin, mar shampla:

- Eaglais: Sráid na hEaglaise nó Baile an Teampaill
- Séipéal: Séipéal Iosóid
- Droichead: Baile an Droichid
- Muileann: Baile an Mhuilinn
- Caisleán: Baile an Chaisleáin

Sa cheacht seo táimid ag díriú isteach ar an **muileann**.

An bealach is sine chun arbhar cosúil le cruithneacht agus coirce a mheilt ná de láimh. D'úsáideadh daoine fadó bró mhuilinn nó ballán (cloch le logán ciorclach inti). Chuiridís méid beag den arbhar isteach sa logán agus mheilidís é le meilteoir. Bhíodh gléas mar sin ag gach pobal in Éirinn tráth.

Deirtear sa scéalaíocht gur thóg an Rí Cormac Mac Airt an chéad mhuileann uisce in aice le Teamhair sa tríú haois. Ó fhianaise na seandálaíochta, áfach, is sa séú nó i dtosach an tseachtú haois a tugadh muilte uisce go hÉirinn. Ón am sin ar aghaidh tógadh a lán muilte timpeall na tíre, in aice le haibhneacha agus le srutháin. Ní úsáidimid na seanmhuilte a thuilleadh, ach tá cinn atá as feidhm le feiceáil timpeall na tíre. Tá roinnt bailte tar éis atógáil a dhéanamh orthu agus is díol spéise do thurasóirí iad.

Féach [www.millsofireland.org](http://www.millsofireland.org)

Seo a leanas stór focal le múineadh do na páistí agus samplaí de logainmneacha bunaithe ar na focail sin.

### Stór focal agus samplaí de logainmneacha

- muileann ‘mill’, **Baile an Mhuilinn** / *Milltown*. Tá a lán áiteanna a bhfuil an t-ainm seo orthu i gCorcaigh, i gCiarraí, sa Chabhán srl; **Sráid an Mhuilinn** / *Mill Street* (Corcaigh); **Bóthar Mhuileann an Stialláin** / *Mullinastill Road* (Baile Átha Cliath); Muileann an Leipreacháin. Seo ainm pluaise atá cóngarach do Chonga. De réir an bhéaloidis, d’fhágadh daoine ciseán arbhair lasmuigh den phluais roimh thitim na hoíche agus min a bhíodh sa chiseán ar maidin.
- bró ‘quern’, **Muileann na Bró** / *Mullinabro* (Cill Chainnigh)
- sraoth ‘mill-race’, **Abhainn Sraoth** / *Owenshree River* (Gaillimh)

Tá fianaise na seanmhuilte le feiceáil i logainmneacha sna contaetha seo a leanas:

Aontroim	An Iarmhí
Baile Átha Cliath	Laois
An Cabhán	Loch Garman
Cill Chainnigh	Liatroim
Cill Dara	Luimneach
Ceatharlach	An Longfort
Ciarraí	Lú
An Clár	An Mhí
Cill Mhantáin	Muineachán
Corcaigh	Ros Comáin
Dún na nGall	Sligeach
An Dún	Tiobraid Árann
Doire	Tír Eoghain
Fear Manach	Uíbh Fhailí
Gaillimh	

Iarr ar na páistí féachaint ar léarscáil na hÉireann, agus logainmneacha a bhaineann leis an téama seo a fháil.

### Gníomhaíochtaí

#### 1. Obair ealaíne

Íoslódáil pictiúir ón Idirlíon de mhuilte timpeall na tíre.

Iarr ar na páistí muileann a thógáil le cré, *papier-maché* nó le cairtchlár.

#### 2. Cócaireacht

Bhí an chruithneacht ar cheann de na chéad bhairr a chuir daoine. Anois fásann sí ar fud an domhain. Meileann daoine an chruithneacht chun plúr, pasta agus núdail a dhéanamh.

Tá plúr ar cheann de na príomhábhair a úsáidimid nuair a dhéanaimid arán.

Déan scónaí tae leis na páistí. Tá próiseas ann chun arán a dhéanamh—Seo é scéal an aráin:

- Déantar an gort a threabhadh.
- Sa mhodh traidisiúnta, déantar druileanna agus cuirtear na síolta.
- Fásann na síolta
- Baintear san fhómhar iad.
- Meiltear an chruithneacht le plúr a dhéanamh.
- Úsáideann an báicéir an plúr chun arán a dhéanamh.
- Díoltar an t-arán leis na siopaí... agus ithimid ar deireadh é!

Anois is féidir leis na páistí a bheith ina mbáicéirí!  
Seo a leanas oideas chun scónaí tae a dhéanamh.

### Scónaí Tae

225g plúr

2 thaespúnóg de phúdar bácála

50g siúcra mionaithe

50g im nó margairín

140ml bainne

1. Socraigh an t-oigheann ar 200°C, 400°F, Gásmharc 6.
2. Cuir an plúr agus an púdar bácála i mbabhla.
3. Cuimil an margairín/an t-im ann leis na méara.
4. Cuir an siúcra leis.
5. Measc an bainne leis de réir a chéile go dtí go mbeidh taos righin agat.
6. Cruinnigh an taos le chéile. Scaip beagáinín plúir ar an mbord. Leag an taos air, agus roll amach é.
7. Gearr an taos ina 12 chearnóg. Cuir braoinín bainne ar bharr gach cearnóg.
8. Leag na bonnóga ar thráidire bácála. BÁCÁIL ar feadh 12-15 nóiméad iad.

## Ceacht 6: Sióga

### Áiseanna a bheidh ag teastáil

- Stór focal agus samplaí de logainmneacha bunaithe ar théama na sióg
- Gníomhaíochtaí
- Bileog oibre

### Spreagadh

Amhrán:

#### *Mullach a' tSÍ*

Ar mhullach a' tSÍ tá sióga geala  
 Fá chaoiré na gealaí ag imirt a spóirt  
 Is seo iad aniar chun glaoigh ar mo leanbh  
 Le mian é a tharraingt isteach sa lios mór  
 Goirm tú, a chroí, ní bhfaighidh siad do mhealladh  
 Le brí a gcleas ná le binneas a gceoil  
 Táimse led' thaoibh ag guí ort na mbeannacht  
 Seoithín, a leanbh, ní imeoidh tú leo

Foinse:

'An Irish Lullaby' (dlúthdhiosca), Pádraigín Ní Uallacháin.

### Ag tosú

Cúlra an téama:

Chreid muintir na hÉireann go raibh cáil na draíochta ar dhaoine a bhí ag maireachtáil in Éirinn i Ré na Cré-umhaoise. Tuatha Dé Danann a thugtar ar na daoine sin. Tháinig ionróirí go hÉirinn níos déanaí, a raibh airm níos fearr acu agus a bhí níos airde ná an pobal luathaoise. Chuaigh Tuatha Dé Danann sna cnoic agus sna sléibhte chun a bheith slán sábháilte. Tugtar 'SÍ' nó 'Sián' ar na cnoic nó ar na cnocáin sin, ar nós **SÍ an Bhrú** / *Newgrange* (An Mhí), **Cnoc Sí Ghabhna** / *Knockshigowna* (Tiobraid Árann), **An Sián** / *Shaen* (Laois). Ghlaoigh na hionróirí 'aos sí' ar Thuatha Dé Danann, agus mar sin tugadh ainmneacha ar áiteanna éagsúla mar **Cnoc na Sióg** / *Fairyhill* (An Clár, Gaillimh), **Cnoc na Sí** / *Fairyhill* (Baile Átha Cliath).

Tá cáil ar an leipreachán in Éirinn. Thugtaí luchorpán 'little body' air fadó. Bhí clú air mar ghréasaí agus casúr ina lámh aige. Seans gur tháinig an íomhá seo anuas ón gCré-umhaois.

Tá fianaise i roinnt logainmneacha ar phúcaí; is cleasaithe iad seo agus ní mór a bheith san airdeall orthu! Bíonn cruthanna éagsúla orthu agus bíonn ainmhianta ina gcroí acu. Is féidir leo cleasanna dainséaracha a imirt ort—bí ag faire amach!

### Treoir don mhúinteoir

Tá traidisiún ársa scéalaíochta in Éirinn. Tá an draíocht ina cuid lárnach de na scéalta béaloidis. Bhí draíocht, cumhacht agus buanna éachtacha ag na fir agus ag na mná sna scéalta seo.

Tá na scéalta faoi shioga orthusan is coitianta agus is traidisiúnta in Éirinn. Tá na scéalta seo ar fáil i ngach ceantar sa tír. Bíonn eagla ar dhaoine roimh na sioga agus meas acu orthu chomh maith!

Deirtear go mbíonn cónaí ar na sioga i ráth nó i lios go minic, áit a mbíonn rian de chiorcal ar an talamh. Is iomaí ainm áite atá ainmnithe astu, mar shampla **Ráth Maonais** / *Rathmines*, **Ráth Eanaigh** / *Raheny*, **Lios Dúin Bhearna** / *Lisdoonvarna*, **Lios na gCearrbhach** / *Lisburn*.

Tá go leor scéalta faoi dhaoine a scrios ráth ar mhaithe le teach a thógáil nó chun páirc níos mó a dhéanamh. Is dócha nár chreid na daoine seo sna sioga ach ní hannamh a tharla tubaiste dóibh nó gur tháinig mí-ádh orthu dá bharr.

Ní mór a bheith ag faire amach do na sioga i gcónaí!

Seo a leanas stór focal agus samplaí de logainmneacha a bhaineann le téama na sióg, is féidir leat cuid acu a mhúineadh do na páistí.

### Stór focal agus samplaí de logainmneacha

- sí ‘fairy hill or mound’, **Cluain Sí Bán** / *Cloonsheebane* agus **Cluain Sí Riabhach** / *Cloonsheerevagh* (Liatroim)
- síofra / síofraí ‘elf / elves’
- sióg / sioga ‘fairy / fairies’
- sián, áit chónaithe na sióg, ‘hillock, fairy-abode’, **Muileann an tSiáin** / *Sion Mills* (Tír Eoghain) ‘Mill of the fairy mound’
- luchorpán = leipreachán ‘little body’ leprechaun, **Cnoc na gClúracán** / *Knocknalooraun* (Port Láirge), clúracán = leipreachán
- púca ‘puck, pooka, goblin’. Tháinig an focal chugainn ón mBéarla. **Carraig an Phúca** / *Carrigaphuca* (Ciarraí) ‘The Pooka’s Rock’, **Poll an Phúca** / *Pollaphuca* (Cill Mhantáin) ‘The Hollow of the Pooka’

### Gníomhaíochtaí

#### 1. Tionscadal ranga

Bíodh babhta tobsmaointe agat leis an rang faoi na logainmneacha éagsúla. Iarr ar na páistí logainm a roghnú agus scéal a chumadh faoi. Is féidir na scéalta a bheith greannmhar, scanrúil nó bunaithe ar scéal atá ar eolas acu cheana féin.

Nuair atá na scéalta críochnaithe acu, is féidir leo iad a léamh amach don rang.

#### 2. Ceacht ealaíne

Iarr ar na páistí smaoineamh ar an saghas léiriúchán ealaíne a bheadh oiriúnach dá scéal féin. Mar obair bhaile iarr orthu ábhair a bhailiú chun a gcuid píosaí ealaíne a chur le

chéile. Is féidir leat féin roinnt ábhar a chur ar fáil dóibh freisin—fabraic srl. Úsáid na scéalta mar spreagadh agus chun íomhánna a sholáthar, iarr ar na páistí léiriú a dhéanamh orthu. Ba dheas ceol atmaisféarach a chur ar siúl.

### 3. Agallamh

Iarr ar na páistí agallamh a chur ar dhaoine breacaosta sa cheantar féachaint an bhfuil scéalta áitiúla acu faoi na síogaithe srl.

B'fhéidir go mbeadh scéaláí sásta teacht chuig an scoil, mar shampla Niall de Búrca, féach [www.nialldeburca.net](http://www.nialldeburca.net).



### Aguisín 1 Liosta leabhar

Seo liosta leabhar do mhúinteoirí ar mhaithe le breis eolais a fháil ar logainmneacha.

Andrews, J.H. 1927. *A Paper Landscape: The Ordnance Survey in Nineteenth-Century Ireland*. Dublin: Four Courts.

An Brainse Logainmneacha. 1993. *Liostaí logainmneacha: Cill Chainnigh/Kilkenny*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

An Brainse Logainmneacha. 2004. *Liostaí logainmneacha: Tiobraid Árann/Tipperary*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

An Brainse Logainmneacha. 1991. *Liostaí logainmneacha: Lú/Louth*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

An Brainse Logainmneacha. 1991. *Liostaí logainmneacha: Luimneach/Limerick*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

An Brainse Logainmneacha. 1996. *Liostaí logainmneacha: Muineachán/Monaghan*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

An Brainse Logainmneacha. 1991. *Liostaí logainmneacha: Port Láirge/Waterford*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

An Brainse Logainmneacha. 1994. *Liostaí logainmneacha: Uíbh Fhailí/Offaly*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. 2004. *Sráidainmneacha Bhaile Átha Cliath / Dublin City Streetnames, English—Irish; Gaeilge—Béarla*. Baile Átha Cliath: Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Comhairle Contae Átha Cliath Theas. 2008. *Logainmneacha agus Sráidainmneacha Bhaile Átha Cliath Theas*. Baile Átha Cliath: Comhairle Contae Átha Cliath Theas.

An Coimisiún Logainmneacha. 1992. *Sráidainmneacha: Treoirlínte*. Baile Átha Cliath: An Coimisiún Logainmneacha.

Connolly, N. *Irish Placenames*. Irish Environmental Library Series—no.72. Dublin: Folens.

De hÓir, É. 1972. 'The Anglicisation of Irish Place-Names'. *Onoma* XVII, pp192-204.

Doherty, G. 2004. *The Irish Ordnance Survey: History, Culture and Memory*. Dublin: Four Courts Press.

- Flanagan, D. and Flanagan, L. 1994. *Irish Place Names*. Dublin: Gill & Macmillan.
- Joyce, P.W. 1996. *Irish Local Names Explained*. Dublin: Roberts Books.
- Joyce, P.W. 1869-1913. *The Origin and History of Irish Names of Places*. Dublin: London: McGlashan & Gill; Whittaker & Co.
- Joyce, P.W. *Irish Names of Places* I (1869), II (1875), III (1913). Dublin: Phoenix Publishing Co.
- Mac Aodha, B. (eag.). 1998. *Sráidainmneacha na hÉireann*. Baile Átha Cliath: An Gúm.
- Mac Giolla Easpaig, D. 2008. 'Placenames Policy and its Implementation' IN: Nic Pháidín, C. and Ó Cearnaigh, S. (eds.) *A New View of the Irish Language*. Dublin: Cois Life ([http://www.logainm.ie/Placenames\\_Policy\\_and\\_its\\_Implementation.pdf](http://www.logainm.ie/Placenames_Policy_and_its_Implementation.pdf)).
- Mc Kay, P. 1999. *A Dictionary of Ulster Place-Names*. Antrim: W. & G. Baird, Ltd.
- Mac Mathúna, L. 1990. *Ár dTimpeallacht Logainmneacha: Inniu agus Amárach*. Baile Átha Cliath: Coiscéim.
- Ní Ghallchobhair, Máire. (eag.). 2008. *Atlas Bunscoile*. Athchló nuashonraithe. Baile Átha Cliath: An Gúm.
- Nolan, W. 1982. *Tracing the Past: Sources for Local Studies in the Republic of Ireland*. Dublin: Geography Publications.
- Ó Cearbhaill, P. (le cúnaimh ó Shara Ní Chonchúir). 2008. *Sráidainmneacha Bhaile Átha Cliath Theas* IN: *Logainmneacha agus Sráidainmneacha Bhaile Átha Cliath Theas*. Dublin: Comhairle Contae Átha Cliath Theas ([http://www.logainm.ie/Sráidainmneacha\\_Bhaile\\_Átha\\_Cliath\\_Theas.pdf](http://www.logainm.ie/Sráidainmneacha_Bhaile_Átha_Cliath_Theas.pdf))
- Ó Cearbhaill, P. 2003. Scoil Samhraidh Merriman. *Logainmneacha na hÉireann: Cá bhfuil a dtriall? Lúnasa 23*. Co. an Chláir: Óstán an Falls ([http://www.logainm.ie/Logainmneacha\\_na\\_hÉireann\\_\(caint\).pdf](http://www.logainm.ie/Logainmneacha_na_hÉireann_(caint).pdf))
- Ó Cearbhaill, P. 2005. 'Researching the Placenames of Co. Clare: methodology, sources, restoration' IN: D'Auria, L. & O'Flaherty, E. (eds.). *Changing Names: The dynamic world of Irish placenames and their meanings. Proceedings, Placenames Conference, 11-13 April 2003*. Clare: Coiste Logainmneacha an Chláir ([http://www.logainm.ie/Researching\\_the\\_placenames\\_of\\_Co.\\_Clare.pdf](http://www.logainm.ie/Researching_the_placenames_of_Co._Clare.pdf)).
- Ó Cearbhaill, P. 2007. *Logainmneacha na hÉireann II. 'Cill' i Logainmneacha Co. Thiobraid Árann*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

O'Connor, P.J. 2001. *Atlas of Irish Place-Names*. Newcastle West, Co. Limerick: Oireacht na Mumhan Books.

Ó Maolfabhail, A. (eag). 1992. *Logainmneacha na hÉireann sa Tríú Mílaois / The Placenames of Ireland in the Third Millennium*. Baile Átha Cliath: An Coimisiún Logainmneacha.

Ó Maolfabhail, A. (eag.). 1990. *Logainmneacha na hÉireann I: Contae Luimnigh*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

